FAN TE AGUS FOLLÁIN AN GEIMHREADH SEO

ÚSÁID NÍOS LÚ

Téigh chuig **gov.ie/ReduceYourUse**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

De dheasca na méaduithe i gcostais fuinnimh, tá geimhreadh dúshlánach roimh gach duine dínn. Sa leabhrán seo, gheobhaidh tú mionsonraí faoi na tacaí atá á soláthar ag an Rialtas chun cabhrú linn ár mbealach a dhéanamh trí na míonna atá le teacht. Tá comhairle coigilte fuinnimh ann chun cabhrú leat do bhillí a laghdú, agus fanacht te agus folláin ag an am céanna. Chomh maith leis sin, tá treoir ann maidir le seirbhísí eile ar féidir leo cabhrú leat billí nó fiacha a bhainistiú agus ina dtugtar eolas duit faoi na cearta atá agat mar thomhaltóir fuinnimh.

Cén fáth ar tháinig méadú ar ár gcostais fuinnimh?

Tá an soláthar gáis agus ola chun na hEorpa á shrianadh de dheasca an chogaidh san Úcráin. Mar thoradh air sin, tá méadú suntasach tagtha ar phraghas an gháis agus na hola, rud atá ag cruthú costais leictreachais níos airde.

Cad atá á dhéanamh ag an Rialtas chun cabhair a thabhairt?

Thug an Rialtas tacaí éagsúla isteach chun cabhrú leis na brúnna ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a laghdú.

Maidir le daoine atá scothaosta, atá faoi mhíchumas nó a bhfuil breoiteacht fhadtéarmach orthu, is féidir go mbeidh aimsir fhuar ina fadhb sna míonna atá le teacht. **Déan cinnte de nach laghdóidh tú d'úsáid fuinnimh i réimsí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do do shláinte.** Tá sé tábhachtach go leanfá ar aghaidh ag úsáid aon fheistí a chabhraíonn leat fanacht te, compordach agus sábháilte.

Leanfaidh an Rialtas ar aghaidh ag déanamh faireachán ar an staid ar fud mhíonna an gheimhridh agus cinnteoidh sé go mbeidh cabhair ar fáil dóibh sin atá ag streachailt le billí fuinnimh nó le fiacha eile agus dóibh sin a bhfuil eagla orthu go ndícheanglófar iad.

Cé na tacaí atá ar fáil?

Teaghlaigh

- **Creidmheas Leictreachais €600 (CBL san áireamh)** a chuirfear le gach cuntas leictreachais baile Éireannach atá cláraithe le hUimhir Thagartha Méadarphointe (MPRN), lena n-áirítear iad sin atá ar mhéadair 'íoc-mar-a-úsáidtear', agus a íocfar i dtrí thráthchuid chun go mbeidh sé ag teacht le do thimthriallta billeála: ceann amháin roimh Nollaig agus dhá cheann ina diaidh. Ní gá duit iarratas a dhéanamh air sin agus gheobhaidh tú go huathoibríoch é.
- **Coigiltí measta €64** tríd an laghdú CBL ar bhillí fuinnimh a fhadú.
- **Coigiltí measta €89** tríd an Laghdú ar an Tobhach Oibleagáide Seirbhíse Poiblí.
- **Deontais shuntasacha Rialtais** le haghaidh uasghráduithe fuinnimh tí trí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), agus roghanna ann chun oiriúint do gach imthoisc, lena n-áirítear uasghráduithe lánchistithe le haghaidh tithe incháilithe nach bhfuil tíosach ar fhuinneamh.

Leas Sóisialach

- I mí Eanáir 2023, tabharfar tairseach acmhainne nua don Liúntas Breosla isteach do dhaoine atá 70 bliain d'aois nó níos sine. Is é a bheidh san acmhainn inlamhála ná €500 sa tseachtain do dhuine singil agus €1,000 sa tseachtain do lánúin.
- Ó mhí Eanáir 2023 i leith, méadófar an tairseach sheachtainiúil acmhainne inlamhála don Liúntas Breosla dóibh sin nach bhfuil 70 bliain d'aois slánaithe acu faoi €80 sa tseachtain, ó €120 go €200 os cionn Íocaíocht Ranníocach an Phinsin Stáit. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig **gov.ie/fuelallowance**
- Íocaíocht dhúbailte Bónas Nollag i mí na Nollag 2022. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig **gov.ie/dspbudget2023**

Faoiseamh Cánach

Fanfaidh CBL ar leictreachas agus ar ghás ag ráta 9% go dtí mí Feabhra 2023. Is ann freisin d'athruithe éagsúla i gcáin ioncaim a rachaidh chun tairbhe duit:

- Méadú €3,200 go €40,000 sa Scothphointe Ráta Chaighdeánaigh, agus méaduithe comhréireacha ann do lánúineacha pósta agus do pháirtnéirí sibhialta.
- Méadú €75 sna príomh-chreidmheasanna cánach (Creidmheas Pearsanta, Creidmheas Fostaí agus Creidmheas i leith Ioncam Tuillte).
- Méadú €100 sa Chreidmheas Cánach do Chúramóir Baile chun tacú le tuismitheoirí cois teallaigh.

Cá háit ar féidir liom dul má tá imní orm faoi mo bhillí fuinnimh a íoc?

Tá sé tábhachtach go bhfanfadh gach duine te agus folláin an geimhreadh seo. Mar sin de, tá an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) á chinntiú go bhfaighidh tú cosaint tomhaltóirí níos fearr ó do sholáthraithe fuinnimh.

Le haghaidh gheimhreadh na bliana 2022, méadaíodh an creidmheas éigeandála do mhéadair 'Íoc-mar-a-Úsáidtear' ó €10 go €20 amhail an 1 Deireadh Fómhair. Tá sé sin de bhreis ar laghdú sa leibhéal aisíocaíochta fiachais ar mhéadair 'Íoc-mar-a-Úsáidtear' ó 25% go 10% ar a mhéad (a d'fhágfadh go mbainfí €2 de dhíol €20 chun fiachas a aisíoc).

D'fhadaigh CRU an moratóir ar dhícheangal fuinnimh do chuntais leictreachais baile íoctha bille go trí mhí agus beidh sé sin in éifeacht ón 1 Nollaig 2022 go dtí an 28 Feabhra 2023. Ciallaíonn sé sin nach mbeidh aon chustaiméirí íoctha bille á ndícheangal ag a soláthraí fuinnimh le linn na tréimhse sin.

Ní dhícheanglófar tráth ar bith aon chustaiméirí tosaíochta atá cláraithe mar chustaiméirí leochaileacha*. Is é is custaiméir leochaileach ann ná duine a bhfuil spleáchas criticiúil aige nó aici ar threalamh atá faoi chumhacht leictreachais nó a bhfuil leochaileacht ar leith aige nó aici ar chúiseanna aostachta (66 bliana d'aois nó níos sine) nó ar chúiseanna sláinte fisiciúla, céadfaí, intleachta nó meabhrach. Má bhaineann sé sin leat, déan teagmháil le do sholáthraí chun clárú leis mar chustaiméir leochaileach.

D'fhadaigh CRU na tréimhsí aisíocaíochta fiachais. Faoin gCód Energy Engage,** ar cód deonach é, ní dhícheanglóidh soláthraithe choíche aon chustaiméir atá ag obair leo chun riaráiste a aisíoc.

*Sainmhínítear *custaiméir leochaileach* mar chustaiméir teaghlaigh a bhfuil spleáchas criticiúil aige nó aici ar threalamh atá faoi chumhacht leictreachais, lena n-áirítear feistí cosanta beatha, teicneolaíochtaí cúnta chun tacú le maireachtáil neamhspleách, agus trealamh leighis, ach gan a bheith teoranta dóibh sin, nó a bhfuil leochaileacht ar leith aige nó aici i leith dícheangal le linn mhíonna an gheimhridh ar chúiseanna aostachta nó ar chúiseanna sláinte fisiciúla, céadfaí, intleachta nó meabhrach.

D'fhorbair soláthraithe leictreachais agus gáis is baill de Chumann Leictreachais na hÉireann (EAI) an **Cód Energy Engage chun a chinntiú go n-íoslaghdófar a oiread agus is féidir an líon dícheangal leictreachais agus gáis a dhéantar.

Ag obair dóibh ina n-aonar, d'fhéach Soláthraithe fuinnimh le cabhair a thabhairt dá gcustaiméirí, go háirithe iad sin atá i riaráiste, trí thacaíocht chuí a thabhairt dóibh chun cabhrú leo a n-úsáid fuinnimh agus a gcostais fuinnimh a bhainistiú. Mar thoradh ar na hiarrachtaí sin, tá laghdú suntasach ann sa líon dícheangal leictreachais agus gáis. Is é an éifeacht chomhcheangailte atá aige sin ná laghdú mór sa líon dícheangal den sórt sin ó sheoladh an Chóid sa bhliain 2014 i leith. Tá na bearta sin de bhreis ar an gCód Reachtúil maidir le cosaint tomhaltóirí, rud lena n-áirítear an dóigh a gcaitheann Soláthraithe fuinnimh le dícheangal agus an tacaíocht atá Soláthraithe Aonair ag tabhairt dá gcustaiméirí, go háirithe iad sin atá i riaráiste, trí chabhrú leo a n-úsáid fuinnimh agus a gcostais fuinnimh a bhainistiú.

Le haghaidh tuilleadh cabhrach, comhairle agus tacaíochta:

An Coimisiún um Rialáil Fóntais
Commission for Regulation of Utilities

Tá ag CRU Foireann um Chúram Custaiméirí chun cabhair a thabhairt do chustaiméirí baile agus do chustaiméirí is gnólachtaí beaga a bhfuil ceisteanna acu faoina soláthraithe leictreachais nó gáis.

Ríomhphost: **customercare@cru.ie**
Suíomh Gréasáin: **cru.ie**

SUSTAINABLE ENERGY AUTHORITY OF IRELAND

Tá ag SEAI faisnéis faoi na deontais atá ar fáil le haghaidh uasghráduithe fuinnimh tí, mar aon le comhairle úsáideach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh.

Ríomhphost: **info@seai.ie**
Suíomh Gréasáin: **seai.ie**

YOU'RE NOT ALONE

Ag obair dó i gcomhpháirt leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, tá líne thacaíochta náisiúnta ag ALONE, ar carthanas é, do dhaoine scothaosta a dteastaíonn tacaíocht uathu chun a mbillí fuinnimh a íoc nó chun déileáil le haon dúshláin eile an geimhreadh seo.

Líne chabhrach: **0818 22 2024**
7 lá sa tseachtain, 8am-8pm,
Suíomh Gréasáin: **alone.ie**

Money Advice & Budgeting Service

Is é is MABS ann ná seirbhís bhuiséadta agus chomhairle airgid do gach duine den phobal. Is seirbhís í atá neamhspleách, rúnda agus saor in aisce agus nach dtugann breithiúnais. Má tá tú ag streachailt le fiacha amhail billí fuinnimh, déan teagmháil le MABS chun comhairle agus tacaíocht a fháil.

Líne chabhrach: **0818 07 2000**
Luan go hAoine, 9am-8pm
Suíomh Gréasáin: **mabs.ie**

Comhairle Phraiticiúil

Is féidir leat roinnt rudaí a dhéanamh chun d'úsáid fuinnimh a laghdú. Ní chiallaíonn sé sin gur gá duit an solas nó an téamh a choinneáil curtha as. Is féidir linn an cur amú fuinnimh a laghdú trí aird a thabhairt ar an dóigh a n-úsáidimid fuinneamh inár saol laethúil. Dea-phointe tosaithe is ea díriú ar réimsí ina n-úsáidimid an chuid is mó d'fhuinneamh agus ar a gcaithimid an chuid is mó dár n-airgead.

Téamh Baile

- Is é téamh an t-úsáideoir fuinnimh is mó i dtithe. Dá bhrí sin, is réimse é inar féidir coigiltí móra a dhéanamh go mear, ach níor cheart déanamh amhlaidh ach amháin nuair atá sé sábháilte. Cas as é nuair nach bhfuil sé in úsáid agus úsáid go héifeachtúil é nuair atá sé curtha air.
- Bain úsáid as rialuithe téimh chun na hamanna ag a ndéantar do théamh a chur air agus a chur as a shocrú chun go n-oirfidh siad do do ghnáthamh laethúil. Cuir do théamh as 30 nóiméad roimh an am nach mbeidh sé á úsáid agat a thuilleadh.
- Ísligh an teirmeastat go 19°C i seomraí comhluadair, nuair atá sé sábháilte agus indéanta déanamh amhlaidh. Ba cheart an teocht i hallaí agus i seomraí leapa a bheith níos fuaire. B'fhearr í a bheith idir 15°C agus 18°C.
- Trí theocht do thí a laghdú faoi chéim amháin, is féidir leat an fuinneamh a úsáideann tú a laghdú faoi 10% agus airgead a shábháil ar do bhille téimh. Ísligh teocht na radaitheoirí nó cuir as iad chun nach dtéann tú ach an seomra atá tú ag úsáid.
- Má fhaigheann tú seirbhís ar do choire uair amháin sa bhliain, oibreoidh sé ar bhealach níos éifeachtúla. Iarr ar do phluiméir na socruithe a mhíniú duit agus a insint duit conas iad a úsáid i gceart.
- Chun an téamh a éalaíonn ó do theach a íoslaghdú a oiread agus is féidir:
  - Dún na doirse go seomraí nach n-úsáidtear go han-mhinic.
  - Aimsigh foinse aon séideán fuar agus líon na bearnaí. Is dea-phointí tosaithe iad fuinneoga, doirse agus boscaí litreacha.
  - Ná cuir bac le gaothairí balla choíche toisc go bhfuil siad bunriachtanach le haghaidh dea-aercháilíocht a chinntiú i do theach.

Uisce Te

- Ní úsáideann cithfholcadán rialta ach 20% den fhuinneamh a úsáidtear chun an t-uisce a théamh le haghaidh folcadán iomlán. Mar sin féin, tá cithfholcadáin leictreacha chaidéalaithe i measc na n-úsáideoirí fuinnimh is mó sa teach fós. Tríd an am a chaitheann tú ag cithfholcadh a laghdú, d'fhéadfá a lán fuinnimh agus a lán uisce a shábháil.
- Suiteáil amadóir tumthéitheora chun a chinntiú nach mbeidh uisce te agat ach amháin nuair a theastaíonn sé uait.
- Má tá d'uisce á théamh ag coire téimh lárnaigh, feistigh teirmeastat sorcóireach chun teocht an uisce a mhaolú.
- Déan cinnte de go bhfuil do shorcóir uisce the inslithe. Insligh píobáin uisce the le feadánra cúráin, go háirithe i limistéir neamhthéite amhail an t-áiléar.

Leictreachas

- Tá sé tábhachtach a bheith ar an eolas faoi cé na fearais a úsáideann an méid leictreachais is mó. Smaoinigh ar cén uair a úsáideann tú iad agus ar cé chomh minic agus a úsáideann tú iad. Is dea-shlat tomhais é seo: má théann sé nithe, úsáideann sé a lán leictreachais: cithfholcadáin leictreacha, citil, triomadóirí rothlaim.
- Úsáid teocht níos ísle le haghaidh do mheaisín níocháin agus do mhiasniteora. Fan go dtí go bhfuil lánlód agat sula gcuireann tú air iad. Íoslaghdaigh an úsáid a bhaineann tú as triomadóir agus croch an níochán amach lena thriomú nuair is féidir.
- Úsáideoir mór fuinnimh is ea an t-oigheann. Dá bhrí sin, ná húsáid chomh minic sin é. Má tá micreathonnán agat, smaoinigh ar é a úsáid ina áit.
- Ná fág doras an chuisneora ar oscailt ar feadh barraíocht ama. Tógann sé 45 nóiméad ar an gcuisneoir fuarú go dtí a theocht bhunaidh ina dhiaidh sin.
- Cuir soilse ísealfhuinnimh LED in ionad bolgán neamhéifeachtúil solais. Tosaigh leis na lampaí i do sheomra suí nó i do chistin, áit a gcaitheann tú formhór d'ama.
- Díphlugáil d'fhearais nuair nach bhfuil siad in úsáid.
- Nuair is féidir, roghnaigh fearais a bhfuil an rátáil fuinnimh is airde acu.

SÁBHÁIL AIRGEAD TRÍ NÍOS LÚ FUINNIMH A ÚSÁID

Bí ar an eolas faoi d'fhearais

Léirítear sa ghraf úsáideach seo cé na fearais a úsáideann an méid is mó fuinnimh i do theach: dá mhéad an ciorcal is ea is mó an méid fuinnimh a úsáideann an fearas. Is féidir go mbeidh tú in ann do bhillí a laghdú tríd an méid ama a n-úsáideann tú iad ar a fheadh a laghdú. Déan cinnte de, áfach, nach laghdaíonn tú d'úsáid ach amháin nuair atá sé sábháilte déanamh amhlaidh, agus fan te agus folláin an geimhreadh seo. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi na ríomhanna thíos a aimsiú ag **gov.ie/ReduceYourUse**



Chun teacht ar thuilleadh faisnéise faoi na tacaí atá ar fáil agus ar chomhairle coigilte fuinnimh, téigh chuig gov.ie/ReduceYourUse

Foinse: Oiriúnaíodh an chairt ó Foley A., Al Kez D., Harrison H. (2022) Ollscoil na Banríona, Béal Feirste *'Budgeting for this Winter's Energy Bill in Ireland'.*

ÚSÁID NÍOS LÚ